Coimisiún na Meán

# Oifigeach Taighde

## Grád Oifigigh Feidhmiúcháin
## Beartas, Taighde agus Straitéis

## Pacáiste Faisnéise Iarratasóra




Bealtaine 2026

A Iarratasóir, a chara,

Go raibh maith agat as spéis a léiriú i ról an Oifigigh Taighde

Agus tú ag obair i gCoimisiún na Meán, cabhróidh tú le tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chruthú, a oibríonn do dhaoine in Éirinn agus ar fud an ar fud an Aontais Eorpaigh.

Cabhróidh tú linn tírdhreach na meán a rialáil, tacú leis agus a fhorbairt. Cabhróidh tú le cearta bunúsacha gach duine a chosaint agus a chinntiú go leanfaimid de bheith ag maireachtáil i sochaí dhaonlathach oscailte.

Tá ár n-eagraíocht ag fás go tapa. D’fhás muid ó 40 duine go 300 inár gcéad trí bliana. Tagann ár ndaoine ó raon leathan cúlraí: earnálacha ar líne agus na meán, an tsochaí shibhialta, an tseirbhís phoiblí, an saol acadúil agus gairm an dlí. Táimid bródúil as na deiseanna a thugaimid d’fhás gairmiúil. Táimid tiomanta d'fhórsa saothair a bheith againn a léiríonn éagsúlacht na sochaí ar a bhfreastalaímid.

Tá ríméad orainn a bheith ag earcú d'Oifigeach taighde Cuirfidh an ról seo le seachadadh na straitéise a ghlacamar níos luaithe i mbliana. Leanfaidh sé ar aghaidh ag cur lenár spriocanna chun a chinntiú go mbeidh tírdhreach na meán cumarsáide in ann:

- seasamh le cearta, folláine agus forbairt leanaí
- tacú leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha
- bheith mar cheann a bhfuil muinín ag tomhaltóirí as ionas go gcosnófar iad ó dhúshaothrú agus ó chalaois
- cultúr na hÉireann agus cé muid féin mar shochaí a léiriú agus a mhúnlú
- luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a chur chun cinn
- sláinte agus sábháilteacht an phobail a neartú

Má chreideann tú go bhfuil an deis seo ag teacht le do chuid scileanna agus má thugann sé deis fás go gairmiúil, bheimis ar bís cloisteáil uait agus spreagfaimis duit iarratas a dhéanamh.

**Is mise le meas**
**Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin**



Clé go Deas: Coimisinéirí Rónán Ó Domhnaill, Niamh Hodnett, Jeremy Godfrey, Aoife MacEvilly, John Evans

# Ár bhFís agus ár Misean


Is í an fhís atá againn ná tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chinntiú.

Déanaimid tírdhreach na meán a rialáil, tacú leis agus a fhorbairt atá mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.

## Ár Réimsí Torthaí Straitéiseacha




## Ár Luachanna




Féach ar ár Ráiteas Straitéiseach

Coimisiún na Meán

# Eolas Faoin Ról Seo

## Cuspóir an Róil

Tacóidh an té a cheapfar leis an seachadadh taighde fud fad na hoibre a dhéanann An Coimisiúin. Beidh deiseanna acu tacaíocht a thabhairt ar gach céim den phróiseas, lena n-áirítear rudaí a mheas agus a dhearadh, sonraí a bhailiú, anailís agus tuairisciú a dhéanamh mar aon le craobhscaoileadh a dhéanamh le páirtithe Leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Beidh orthu sonraí a úsáid chun léargais roimh chinntí a dhéanamh.

Beidh deiseanna ag an té a cheapfar chun tacú le tionscadail luachála mar aon le tacú leis na próisis i dtaobh ár straitéis eagraíochta de, i dtaobh na próisis sin a mhaoirsiú, a thuairisciú agus a chur i bhfeidhm.

## Maidir leis an bhFoireann/Rannóg

Déanann an Fhoireann Taighde agus Straitéise, déanann siad taighde a choimisiúnú chun ár dtuiscint ar chúrsaí na meán a fheabhsú. Cabhraíonn an obair sin le forbairt na mbeartas bunaithe ar fhianaise, le dearadh clár agus leis an gcinnteoireacht. Cabhraíonn sé freisin leis an eagraíocht agus lena páirtithe leasmhara chun leas an phobail a bhaint amach.

Tá an fhoireann i gceannas ar fhorbairt agus ar athbhreithniú na straitéise eagraíochta An Choimisiún, mar aol leis na próisis ina dhéantar maoirsiú agus tuairisciú ar chur i bhfeidhm na straitéise.

Tá an fhoireann Taighde agus Straitéise páirteach sa rannóg Beartais, Taighde agus Straitéise. Tá sé de rún ag an rannóg tuiscint láidir bunaithe ar fhianaise a thógáil agus an tuiscint sin dírithe ar raon ceisteanna thar chúrsaí na meán, lena n-áirítear cosaint na ndaoine faoi aois, cearta daonlathais agus bunchearta, an éagsúlacht agus an cuimsiú, an saothrú agus an chaimiléireacht, mar aon leis an sábháilteacht phoiblí..

Úsáidtear an tuiscint sin chun eolas a dhéanamh do dhéanamh beartas agus do ghníomhaíochtaí forfheidhmithe, mar aon le treoracha, cóid agus rialacha a fhorbairt le haghaidh craoltóirí agus seirbhísí ar líne.



Coimisiún na Meán

# Príomhfhreagrachtaí

- Tacaíocht a thabhairt do thionscadail taighde thar gach uile chéim. Folaítear ansin rudaí a mheas agus a dhearadh, samplaí a dhéanamh, sonraí a bhailiú, anailís agus tuairisciú a dhéanamh mar aon le craobhscaoileadh a dhéanamh

- Tacaíocht a thabhairt do anailísiú agus ar léiriú na sonraí, agus modhanna agus bogearraí cuí á úsáid acu, chun léargais shoiléir a dhéanamh chun tacú le forbairt na mbeartas bunaithe ar fhianaise.

- Tacaíocht a thabhairt ar thairgeadh na n-aschur taighde den ardchaighdeán. Folaítear leis sin, tuarascálacha, achoimrí agus léirithe a mhúnlú de réir an lucht féachana.

- Tacaíocht a thabhairt do sholáthar agus do choimisiúnú na soláthraithe taighde tríú páirtí.

- Tacaíocht a thabhairt le craobhscaoileadh an taighde chuig páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun méadú agus tionchar a fheabhsú, lena n-áirítear aschuir a mhúnlú de réir an lucht féachana.

- Tacaíocht a thabhairt do na próisis a úsáidtear chun maoirsiú agus tuairisciú a dhéanamh ar sheachadadh na straitéise eagraíochta, lena n-áirítear meadarachtaí cuí a bhailiú agus a chur i dtoll a chéile.

- Tacaíocht a thabhairt do fhorbairt agus do chur i bhfeidhm na bpróisis agus na nósanna imeachta. Folaítear san eolas sin, an bhainistíocht eolais, an eitic agus an rialú sonraí.

**Tá an méid thuas beartaithe mar threoir ar raon ginearálta na ndualgas agus tá sé beartaithe nach mbeidh sé cinntitheach ná sriantach agus tá sé faoi réir athbhreithnithe.**

# Eolas Fút

## Taithí, Scileanna, Eolas agus Cáilíochtaí

**Critéir Riachtanacha**

- Taithí oibre ábhartha 2 bliana ar a laghad.
- Taithí ar thionscadail taighde a mheas, a dhearadh agus a sheachadadh trí úsáid a bhaint as modhanna cainníochtúla nó as modhanna measctha.
- Taithí ar eolas a anailísiú agus ar príomhimpleachtaí a dhearadh.
- Scileanna maithe cumarsáide idir scríbhinn agus ó bhéal, mar aon le taithí as eolas a léiriú ar dhóigheanna ata soiléir, gonta éifeachtach.
- Scileanna idirphearsanta atá forbartha agus scileanna chun caidreamh a chothú le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon.
- Taithí as a bheith ag obair go neamhspleách agus go comhoibríoch.
- Scileanna láidre le haghaidh an bhainistíocht tionscadal agus an eagrúcháin, agus an cumas acu chun spriocdhátaí a chur in ord tosaíochta agus a bhaint amach.
- Scileanna iontacha TFC acu, lena n-áirítear ábaltacht le MS Office, agus le sonraí agus eolas a bhainistiú agus a chur in ord (mar shampla, tacair shonraí, bunachair shonraí, obair catalóige nó deaiseanna.

**Critéir Inmhianaithe**

- Scileanna láidre anailíse staidrimh a bhfuil inniúlacht acu i bpacáiste bogearraí staidrimh amháin ar a laghad (m.sh. R, Python, Stata, Excel).
- Taithí sna meáin, sa chumarsáid, nó i réimsí taighde eile a bhaineann le hobair an Choimisiúin.
- Taithí in earnáil phoiblí atá comhchosúil. nó taithí i gcomhthéacs rialála.
- Cáilíocht acadúil nó ghairmiúil ábhartha a bhfuil comhpháirt shuntasach taighde ann.

# Príomhfhaisnéis

### Sochair, Pacáiste agus Pá

- Cuirtear an post seo ar fáil ar bhonn Buan.
- Lánaimseartha, 35 uair in aghaidh na seachtaine
- Saoire Bhliantúil: 23 lá in aghaidh na bliana
- Ról hibrideach a bheidh sa ról ina mbeidh meascán d'obair sa bhaile agus san oifig. Is é ár mbeartas hibrideach reatha 2 lá san oifig.
- Tá ár n-oifig lonnaithe ag a hAon Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.
- Féach ár suíomh gréasáin anseo le haghaidh liosta iomlán sochar
- Tá an post seo grádaithe ag an scála Oifigigh Feidhmiúcháin..
- Ceapfar iarrthóirí a n-éireoidh leo ar an gcéad phointe den scála

# Próiseas Iarratais

Má tá suim agat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir na nithe seo a leanas isteach:

- CV (uasmhéid 2 leathanach) agus litir chlúdaigh/ráiteas pearsanta (uasmhéid 1 leathanach) ina leagtar amach cén fáth a gcreideann tú go bhfuil do scileanna, taithí agus luachanna in ann riachtanais an phoist a chomhlíonadh, **brúigh ANSEO**
- Tá ceapachán ar an ról seo faoi réir incháilitheacht an iarrthóra chun oibriú in Éirinn. Éilítear le gach post go mbeadh cónaí ar iarrthóirí i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann.
- Déanfar iarrthóirí a théann i mbun canbháis dhícháiliú agus a eisiamh ón bpróiseas

  Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha nó iarratais nach bhfuarthas tríd an gcainéal ceart, mar a chuirtear in iúl thuas.

  Má tá ceisteanna agat faoi phróiseas iarratais nó roghnúcháin an róil seo, déan teagmháil le cnam@cpl.ie

  Déan athbhreithniú ar ár Ráiteas Príobháideachais Ráiteas Príobháideachais - Coimisiún na Meán sula ndéanann tú iarratas.

# Inniúlachtaí

Féach liosta na n-inniúlachtaí thíos a mheasúnófar ag céim an agallaimh don chomórtas seo. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na hinniúlachtaí, téigh chuig ár gceisteanna coitianta.

- Bainistíocht Daoine
- Anailís agus Cinnteoireacht
- Torthaí a Sheachadadh
- Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide
- Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt
- Treallús & Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí

# An Próiseas Roghnúcháin

Áireofar sa phróiseas roghnúcháin:

Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ina n-iarratas, arna measúnú in aghaidh na gcritéar sonraithe don ról. Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí atá ar an ngearrliosta freastal ar agallamh ar bhonn inniúlachtaí a dhéanfar go pearsanta ag ár n-oifig i mBaile Átha Cliath.

## Socruithe Réasúnta

Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil, más gá, le linn an phróisis earcaíochta. Chun socruithe réasúnta faoi rún a phlé agus a iarraidh téigh i dteagmháil le amckiernan@cnam.ie.

Is fostóir comhdheiseanna é Coimisiún na Meán. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí éagsúla acu agus táimid tiomanta d’fhórsa saothair cuimsitheach éagsúil a chur chun cinn a léiríonn Éire na linne seo. Oibrímid chun cultúr a chruthú ina bhfuil rochtain chomhionann ag gach duine ar dheiseanna agus ina mbraitheann siad compordach iad féin a chur i láthair go dílis ag an obair.

**Dáta Deiridh: 9 Meitheamh 2026**

Proud to be inclusive
MEMBER
Open Doors
Creating Work Opportunities For All

Investors in Diversity
SILVER




Public